2025/1044

6.8.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1044 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2025

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha agus nósanna imeachta mionsonraithe maidir le glacadh le ceadúnais agus deimhnithe rialtóra aerthrachta arna n-eisiúint ag tríú tíortha.

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 68(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Aithníodh infhaighteacht rialtóirí aerthrachta san Aontas, mar aon leis an tsolúbthacht theoranta a bhaineann le húsáid na n-acmhainní rialtóirí aerthrachta atá ar fáil, mar thosca a chuireann srian ar acmhainneacht soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus a mbíonn moilleanna aerthrachta san Aontas mar thoradh orthu dá bharr.

(2) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún ([2]) ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthrachta ('ATCO'). Mar sin féin, ní dhéantar foráil sa Rialachán sin maidir le glacadh le ceadúnais agus deimhnithe rialtóra aerthrachta tríú tír.

(3) Chun freastal ar an éileamh atá ann cheana agus atá ag dul i méid ar acmhainneacht ATCO san Aontas, maidir le rialtóirí aerthrachta oibríochtúla agus rialtóirí aerthrachta i gcáil teagascóirí agus measúnóirí praiticiúla chun oiliúint a chur ar rialtóirí aerthrachta araon, ba cheart do na húdaráis náisiúnta a bheith in ann glacadh le ceadúnais, deimhnithe agus doiciméadacht ábhartha eile lena bhfianaítear go gcomhlíontar rialacha na heitlíochta sibhialta, nithe a eisíodh i gcomhréir le dlí tríú tír. Is é is cuspóir do ghlacadh leis na doiciméid sin eisiúint ceadúnas mic léinn rialtóra aerthrachta a chumasú nó teagasc agus measúnú a sholáthar d'eagraíochtaí um oiliúint ar rialtóirí aerthrachta atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh a sholáthar.

(4) Is é is aidhm don Rialachán seo leibhéal sábháilteachta a áirithiú atá coibhéiseach leis an leibhéal dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus i Rialachán (AE) 2015/340.

(5) Foráiltear leis an Rialachán seo gur féidir tréimhsí oiliúna níos giorra a chur i gcrích sula n-eiseofar ceadúnas mic léinn rialtóra aerthrachta de chuid an Aontais, chomh maith leis an bhféidearthacht acmhainní breise a leithdháileadh chun oiliúint tosaigh a dhéanamh. Dá bhrí sin, bheadh na roghanna ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta cur le hacmhainneacht a soláthair seirbhísí níos tapúla, i gcás ina mbeadh gá leis sin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 68(1) de Rialachán (AE) 2018/1139, i gcás ina dtabharfar comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hábhar an Rialacháin seo i gcrích idir an tAontas agus tríú tír, beidh forlámhas ag na comhaontuithe sin; i ngach cás eile, beidh feidhm ag an Rialachán seo,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthrachta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/340/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha agus nósanna imeachta mionsonraithe maidir le glacadh le ceadúnais agus deimhnithe rialtóra aerthráchta, lena n-áirítear rátálacha agus formhuinithe bainteacha arna n-eisiúint i gcomhréir le dlíthe tríú tír.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'iarratasóir' sealbhóir deimhnithe, ceadúnais nó doiciméid eile, arna eisiúint i gcomhréir le dlíthe tríú tír agus a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ar dheimhniú a ghlacadh chun treoracha agus measúnú a sholáthar;

(2) ciallaíonn 'deimhniú' doiciméad a eisítear i gcomhréir le dlíthe tríú tír, lena bhfianaítear go gcomhlíontar rialacha eitlíochta sibhialta;

(3) ciallaíonn 'creidmheas' an t-aitheantas a thugann an t-údarás inniúil don oiliúint a dhéanann sealbhóir ceadúnais rialtóra aerthráchta arna eisiúint i gcomhréir le dlíthe tríú tír chun críche iarratas a dhéanamh ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eiseofar i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Glacadh le ceadúnais agus deimhnithe rialtóra aerthráchta tríú tír

Gan dochar do chomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 68(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1139, féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo;

(b) glacadh le ceadúnais rialtóra aerthráchta agus leis na rátálacha, na pribhléidí nó na deimhnithe bainteacha, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.

Airteagal 4

Eisiúint ceadúnas

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint i gcomhréir le pointe ATCO.B.001 d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO), Fochuid B, a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340, ar bhonn deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le dlíthe tríú tír, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go bhfuil 18 mbliana d'aois ar a laghad slánaithe aige;

(b) go léiríonn sé go gcomhlíonann sé na ceanglais ábhartha a leagtar síos i bhFochuid D, Ranna 1 go 4 d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340;

(c) go bhfuil deimhniú leighis bailí aige arna eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn IV (Cuid ATCO.MED) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340;

(d) go léiríonn sé leibhéal leordhóthanach oilteachta teanga i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bhFochuid B, pointí ATCO.B.030 go ATCO.B.040, d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340.

2. Féadfaidh sealbhóir ceadúnais rialtóra aerthráchta arna eisiúint i gcomhréir le dlíthe tríú tír iarratas a dhéanamh ar údarás inniúil Ballstáit ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint tar éis don sealbhóir moladh a fháil ó eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 agus atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh a sholáthar chun ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán sin.

3. I gcás ina n-eiseoidh an eagraíocht oiliúna moladh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, arna iarraidh sin don iarratasóir, beidh an méid uile seo a leanas sa mholadh sin:

(a) tuairisc ar raon feidhme phribhléidí an cheadúnais rialtóra aerthráchta tríú tír dá dtagraítear i mír 2;

(b) léiriú na ceanglais d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 a bhfuil creidmheas le deonú ina leith;

(c) tuairisc ar an oiliúint bhreise, lena n-áirítear na scrúduithe agus na measúnuithe is gá, atá déanta ag an iarratasóir;

(d) ráiteas lena ndeimhnítear gur féidir a mheas go bhfuil comhlíontacht an iarratasóra leis na ceanglais oiliúna, scrúdúcháin agus measúnúcháin ar a dtugtar tuairisc sa mholadh coibhéiseach le cur i gcrích rathúil na hoiliúna tosaigh is gá faoi Rialachán (AE) 2015/340 chun críche ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint;

(e) cóipeanna den doiciméadacht tacaíochta ábhartha ar fad, lena n-áirítear cóipeanna de na ceanglais agus na nósanna imeachta tríú tír ábhartha, a léiríonn an chaoi ar bhunaigh an eagraíocht oiliúna na heilimintí a liostaítear i bpointí (a) go (d) den fhomhír seo.

An oiliúint bhreise dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), lena n-áirítear na scrúduithe agus measúnuithe is gá, is eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 agus atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh a sholáthar chun críche ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán sin a dhéanfaidh an oiliúint sin.

4. Chun ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint, cuirfear an moladh dá dtagraítear i mír 2 san áireamh in aon chreidmheas a dheonóidh an t-údarás inniúil.

Airteagal 5

Glacadh le deimhnithe

1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit glacadh le ceadúnais rialtóra aerthráchta agus leis na rátálacha, formhuinithe nó deimhnithe bainteacha arna n-eisiúint i gcomhréir le dlíthe tríú tír chun críche teagasc agus measúnú a sholáthar, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarratasóir an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go bhfuil ceadúnas rialtóra aerthráchta acu arna eisiúint ag tríú tír i gcomhréir le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ('Coinbhinsiún Chicago') agus a bhfuil rátáil agus, más infheidhme, formhuiniú rátála ag gabháil leis a chomhfhreagraíonn don cheann a bhfuil siad údaraithe teagasc nó measúnú a dhéanamh ina leith;

(b) gur léirigh siad don údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2015/340 go bhfuil oiliúint faighte acu agus gur éirigh leo i scrúduithe agus i measúnuithe atá coibhéiseach leis na cinn a cheanglaítear le Fochuid D, Roinn 5, d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. Beidh na pribhléidí dá dtagraítear i mír 1 teoranta do theagasc agus measúnú a sholáthar d'eagraíochtaí um oiliúint ar rialtóirí aerthráchta atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh a chur ar fáil.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN